2026/2134

28.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2134 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Meán Fómhair 2026

lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le copar, gránaithe, lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1094 ón gCoimisiún ([2]), formheasadh copar, gránaithe, mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) Tá an formheas sin le dul in éag an 31 Nollaig 2026. An 24 Meitheamh 2025 cuireadh iarratas isteach, i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ar an bhformheas sin a athnuachan.

(3) An 24 Iúil 2025, chuir údarás inniúil meastóireachta na Fraince an Coimisiún ar an eolas go raibh cinneadh déanta aige, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur ghá meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas. De bhun Airteagal 8(1) den Rialachán sin, tá an t-údarás inniúil meastóireachta le meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas laistigh de 365 lá tar éis a bhailíochtaithe.

(4) Is féidir leis an údarás inniúil meastóireachta a cheangal ar an iarratasóir sonraí leordhóthanacha a sholáthar chun an mheastóireacht a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Sa chás sin, cuirtear an tréimhse 365 lá ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 180 lá ar an iomlán ach amháin má tá údar maith le fionraí níos faide mar gheall ar chineál na sonraí a iarrtar nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla.

(5) Laistigh de 270 lá tar éis don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (‘an Ghníomhaireacht’) moladh a fháil ón údarás inniúil meastóireachta, tá sí le tuairim maidir le hathnuachan fhormheas na substainte gníomhaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) An 19 Márta 2026 chuir an t-údarás inniúil meastóireachta an Coimisiún ar an eolas go bhfuil moill ar an meastóireacht. Thuig an Coimisiún ón bhfaisnéis a sholáthair an t-údarás inniúil meastóireachta, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu, nach dócha go gcuirfidh an t-údarás sin tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh lár 2028.

(7) Dá bhrí sin, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu, is dócha go rachaidh an formheas in éag sula ndéanfar cinneadh maidir lena athnuachan. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth go ceann tréimhse leordhóthanach chun gur féidir an scrúdú ar an iarratas a dhéanamh. Agus na teorainneacha ama á

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1094 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2016 lena bhformheastar copar, gránaithe, mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 (IO L 182, 7.7.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/1094/oj).

gcur san áireamh chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta an mheastóireacht, chun go n-ullmhóidh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an tuairim uaithi agus chun go gcuirfidh sí isteach í, agus an t-am a thógfaidh sé don Choimisiún cinneadh a dhéanamh an ndéanfar athnuachan ar an bhformheas maidir le copar, gránaithe, lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8, ba cheart dáta éaga an fhormheasa sin a chur ar atráth go dtí an 31 Iúil 2029.

(8) Tar éis dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth, beidh copar, gránaithe, formheasta go fóill lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1094,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dáta éaga an fhormheasa maidir le copar, gránaithe, lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1094, cuirtear ar atráth go dtí an 31 Iúil 2029 é.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN